VACSAÍN COVID-19
Comhairle Sláinte Poiblí

Dáileog bhreise den vacsaín in aghaidh COVID-19

Eolas do thuismitheoirí agus caomhnóirí leanaí agus daoine óga idir 12–15 bliana d'aois a bhfuil córas imdhíonachta lag acu

Céard is córas imdhíonachta lag ann?

Troideann an córas imdhíonachta in aghaidh ionfhabhtuithe agus frídíní sa chorp. Is féidir leis an gcóras imdhíonachta a bheith lag de dheasca fadhbanna sláinte nó cógais a laghdaíonn an cumas chun ionfhabhtú a throid.

Cabhróidh dochtúir do linbh leat cinneadh a dhéanamh cibé acu ba cheart dó nó di dáileog bhreise den vacsaín in aghaidh COVID-19 a fháil nó nár cheart.

An bhfuil níos mó riosca ag baint le COVID-19 do mo leanbh má tá a c(h)óras imdhíonachta lag?

Tá. Tá riosca níos mó ann go n-éireoidh sé nó sí go dona tinn má tholgann sé nó sí COVID-19.

Fuair mo leanbh vacsaín in aghaidh COVID-19 cheana féin. Cén fáth a bhfuil dáileog bhreise den vacsaín á tairiscint dó nó di?

Tá súil againn go bhféadfadh dáileog bhreise den vacsaín:

- freagairt a c(h)órais imdhíonachta ar an vacsaín a fheabhsú.
- cosaint ní b'fhearr in aghaidh COVID-19 a thabhairt dó nó di.
- a cion féin a dhéanamh le nach n-éireoidh sé nó sí go dona tinn le COVID-19.

Cén vacsaín a cheadaítear dó nó di a fháil?

Táimid ag tairiscint dáileog amháin den vacsaín Comirnaty® (Pfizer BioNTech) nó den vacsaín Spikevax® (Moderna) do dhaoine óga. Is vacsaíní mRNA iad sin. Is féidir le leanaí agus daoine óga idir 12–15 bliana d'aois na vacsaíní seo a fháil fiú má fuair siad vacsaín eile roimhe seo. Tabharfaimid bileog eolais duit faoin vacsaín a bheidh á fáil aige nó aici. Tá eolas tábhachtach inti; léigh go cúramach í. Tá sí le fáil ag hse.ie/covid19vaccine/ chomh maith.

Cathain ba cheart dó nó di dáileog bhreise den vacsaín in aghaidh COVID-19 a fháil?

Ba cheart dó nó di dáileog bhreise den vacsaín a fháil dhá mhí ar a laghad tar éis dó nó di cúrsa vacsaíne in aghaidh COVID-19 a chríochnú.

Má bhí COVID-19 air nó uirthi ó vacsaíníodh é nó í, ní mór dó nó di fanacht go ceann sé mhí roimh dó nó di dáileog bhreise a fháil.

Céard is eol faoi cé chomh sábháilte agus atá sé dáileog bhreise den vacsaín a fháil?

Níl an méid céanna faisnéise againn maidir le sábháilteacht dáileoige breise den vacsaín in aghaidh COVID-19. Tá dáileog bhreise á tabhairt i roinnt tíortha. De réir na staidéar atá déanta ar dhaoine a fuair dáileog bhreise, níl aon fho-iarmhairtí tromchúiseacha i gceist léi.

An bhfuil dáileog bhreise den vacsaín ceadúnaithe ag an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach?

Tá dáileog bhreise den vacsaín mRNA chéanna ceadaithe ag an nGníomhaireacht.

Tá an Coiste Comhairleach Náisiúnta um Imdhíonadh ag moladh gur féidir leat aon cheann de na vacsaíní mRNA a fháil, is cuma cén vacsaín a fuair tú ar an gcéad dul síos. Má fuair tú an vacsaín AstraZeneca, cuir i gcás, seans go dtairgfear dáileog bhreise de Moderna nó Pfizer duit anois. Is é sin atá á mholadh ag an gCoiste Comhairleach Náisiúnta um Imdhíonadh, ach níl sé ceadaithe fós ag an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach.
Téigh chuig ema.europa.eu le tuilleadh eolais a fháil.

An féidir le daoine óga an dáileog bhreise den vacsaín in aghaidh COVID-19 a fháil ag an am céanna leis an vacsaín in aghaidh fliú nó le vacsaíní eile?

Is féidir leo an dáileog bhreise den vacsaín in aghaidh COVID-19 a fháil ag an am céanna leis an vacsaín in aghaidh fliú nó le vacsaíní eile, amhail HPV, Tdap nó MenACWY, a chuirtear ar fáil do dhaltaí i gcéad bhliain na meánscoile.

Tuilleadh eolais

Tá tuilleadh le léamh faoi na vacsaíní ar hse.ie/covid19vaccine/
Is féidir leat labhairt le do dhochtúir teaghlaigh, altra, cógaiseoir nó vacsaíneoir chomh maith.

Arna fhoilsiú ag FSS
an 29 Deireadh Fómhair 2021
Leagan 1

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland